CRITÉIR AGUS EOLAS
Bachlóga - Scéim Óige

Cúlra & Comhthéacs na Scéime

Tá an scéim **Bachlóga** á forbairt faoi threoir **na Straitéise do na hEalaíona Teangabhunaithe Gaeilge,** faoi chúram na **Roinne Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta,** ina sonraítear go mbeidh *guth na hóige le cloisteáil agus a thionchar le brath i bhforbairt na n-ealaíon sna blianta amach romhainn.*

Is freagra beoga agus straitéiseach í **Bachlóga ar Phlean Gníomhaíochta Ceithre Bliana an Oireachtais** do na taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge. Tacaíonn **Bachlóga** le **misean agus le fís an Oireachtais:** *'na hEalaíona Teangabhunaithe Gaeilge a cheiliúradh, a fhorbairt agus a chur chun cinn go saoithiúil, fonnmhar agus fuinniúil ar fud na tíre, agus deiseanna comhaimseartha a chruthú don ghlúin óg chun iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trí mheán na teanga'.*

Cuirfidh an Scéim seo **deiseanna foghlama, forbartha agus cruthaitheacha** ar fáil do dhaoine óga le dul i mbun cleachtais ealaíon agus eispéiris ar ardchaighdeán ealaíne a chur ar fáil don óige mar **rannpháirtithe** agus mar **lucht féachana.** Tacóidh an Scéim le **guth na hóige sna hEalaíona Teangabhunaithe Gaeilge a neartú agus a chur chun cinn go náisiúnta.**

Sa chomhthéacs náisiúnta, tagraíonn an téarma *'daoine óga'* do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn tá idir o agus 18 mbliana d'aois. Áirítear orthu leanaí agus ógánaigh atá i mbun forbairt phearsanta, shóisialta agus chruthaitheach laistigh de shaol cultúrtha na hÉireann. Aithnítear iad mar ghlúin chruthaitheach atá ag fiosrú féiniúlachta agus samhlaíochta, agus mar bhunchloch d'fhorbairt chultúrtha agus ealaíonta na tíre.

Tá an scéim seo bunaithe ar phrionsabal an **chomhionannais deiseanna,** lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh agus ógánach ar rannpháirtíocht ealaíon beag beann ar chúlra sóisialta, geografach, eacnamaíoch, cultúrtha, creidimh nó cumais. Áirítear leis seo

tacaíocht do pháistí i scoileanna DEIS agus i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste, ionas go mbeidh an chruthaitheacht mar cheart seachas mar phribhléid. Tá an tionscnamh tiomanta freisin do chuimsiú cultúrtha agus inrochtaineacht iomlán, ag cur fáilte roimh gach páiste agus ógánach, is cuma cén cúlra, cumas Gaeilge, nó cumas atá acu. Feictear éagsúlacht mar acmhainn chruthaitheach a shaibhríonn taithí gach rannpháirtí, ag cothú Éire nua-aimseartha atá oscailte, comhbhách agus samhlaíoch.

Sonraí na Scéime

Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Glacfar le hiarratais tríd an scéim seo ó ghrúpaí pobail, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, eagraíochtaí, grúpaí ealaíon, agus ionaid a bhfuil **sé d'acmhainn acu** tionscadail agus imeachtaí sna taibhealaíona teangbhunaithe a reáchtáil ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge, (lena n-áirítear: amhránaíocht ar an sean-nós agus amhránaíocht chomhaimseartha; cóir; lúibíní; agallaimh bheirte; scéalaíocht; rapcheol; drámaíocht/amharclannaíocht; aithriseoireacht; agus filíocht ó bhéal).

Léirítear thíos roinnt **samplaí** dóibh siúd ar féidir leo iarratas a dhéanamh:

- **Grúpaí pobail, coistí agus eagraíochtaí** gur mian leo tionscadail óige a fhorbairt, mar shampla campaí samhraidh;
- **Ionaid ealaíon agus rialtais áitiúla (taobh amuigh den Ghaeltacht)** gur mian leo tionscadail agus imeachtaí sonrach sna taibhealaíon trí mheán na Gaeilge don óige a chur chun cinn mar chuid lárnach dá gclár ealaíon dá bpobail;
- **Eagraíochtaí ealaíon agus grúpaí ealaíon** gur mian leo mar shampla, amharclannaíocht don óige trí Ghaeilge a fhorbairt;
- **Féilte ealaíon** ar fud na tíre gur mian leo **eilimint láidir/lárnach sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge,** a bheith mar chuid dá gcláir, eispéireas taitneamhach ealaíne ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge **a sholáthar don aos óg** sna féilte, rannpháirteachas agus lucht féachana sna taibhealaíona Gaeilge a fhorbairt don todhchaí. (Níl An Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta san áireamh anseo agus tá sé riachtanach gur tionscadal/imeacht faoi leith don óige a bheadh le forbairt/léiriú);
- **Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus grúpaí pobail/óige** ar mian leo ealaíontóir sna taibhealaíona teangabhunaithe oibriú leo ar thionscadal sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge - mar shampla, drámadóir, scéalaí nó amhránaí ag obair le cúpla scoil nó le grúpaí pobail/óige i gceantar ar leith, áit a mbeadh bearna mhór le líonadh i gcur chun cinn na n-ealaíon teangabhunaithe Gaeilge i measc an aosa óig;

- **Comhlachtaí ghairmiúla ealaíon** gur mian leo seónna trí mheán na Gaeilge do pháistí a fhorbairt - seónna gearra mar shampla, a bheadh oiriúnach le dul ar chamchuairteanna cúige nó náisiúnta chuig bunscoileanna agus/nó iar-bhunscoileanna, chuig ionaid ealaíon, féilte, leabharlanna agus eile.(Féach thíos faoi thosaíochtaí).

Nóta tábhachtach: Ní áirítear leis an scéim seo maoiniú a sholáthar do chroíghníomhaíochtaí comhlachtaí agus eagraíochtaí ealaíon atá maoinithe go substaintiúil le cláir don óige a sheachadadh go réigiúnach nó go náisiúnta. Mar sin féin, breathnófar ar **iarratais/tionscadail idirghábhálacha**, a neartaíonn ealaíona óige trí Ghaeilge, agus féadfar ról tábhachtach a bheith ag comhlachtaí agus eagraíochtaí ealaíon **mar chomhpháirtithe straitéiseacha,** de bharr a struchtúir, a n-acmhainní, a bpróifíl go náisiúnta agus a líonraí, agus dá bharr a gcumas tionchar níos leithne agus níos inbhuanaithe a imirt ar na taibhealaíona Gaeilge don/leis an óige.

Céard nach bhfuil incháilithe?

- **Iarratais ón Ghaeltacht** (tá sé molta teagmháil a dhéanamh le Ealaín na Gaeltachta má bhaineann an tionscadal beartaithe leis an Ghaeltacht);
- **Iarratais ó ealaíontóirí/cleachtóirí aonaracha** (moltar comhoibriú le struchtúir thacaíochta, mar shampla ionad ealaíon, eagraíocht/grúpa áitiúil/réigiúnach le smaoineamh do thionscadal a chur chun cinn). Tá scéim sparánachta fógartha d'ealaíontóirí aonaracha lena gcleachtas a chur chun cinn. Tá scéimeanna sparánachta d'ealaíontóirí aonaracha ar fáil ón gComhairle Ealaíon, agus ó rialtais áitiúla chomh maith;
- Iarratais nach mbaineann go sonrach leis an óige;
- Iarratais nach tionscadail sna taibhealaíona teangabhunaithe go sonrach iad.

Tosaíochtaí na Scéime:

Tabharfar tús áite do thionscadail a léiríonn go bhfuil bearna sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge do dhaoine óga á comhlíonadh acu ina réigiúin nó go náisiúnta, nó go bhfuil gníomh nua sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge á fhiosrú nó á fhorbairt i gcomhthéacs na hóige. Tabharfar tosaíocht chomh maith d'iarratais a léiríonn smaointe samhlaíocha úra, agus go bhfuil deis forbartha ag baint leo, deis le páirtnéireachtaí a chothú agus a neartú go réigiúnach nó/agus go náisiúnta ó thaobh fhorbairt na n-ealaíon teangabhunaithe Gaeilge don/leis an óige.

Fáiltímid roimh iarratais a chuimsíonn tionscadail/imeachtaí le béim ar fhorbairt na dtaibhealaíon teangabhunaithe Gaeilge leis an Óige, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do na nithe seo a leanas:

- **Clár teagaisc** sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge.
- **Bearnaí ealaíon do/le daoine óga a líonadh,** mar shampla **an t-aos óg mar lucht féachana,** lena n-áirítear **forbairt léiriúcháin** sna taibhealaíona teangabhunaithe Gaeilge don óige,nó amharclannaíocht don óige.
- **Seónna do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge** a fhorbairt - seónna gearra mar shampla, a bheadh oiriúnach le dul ar chamchuairteanna cúige nó náisiúnta chuig bunscoileanna agus/nó iar-bhunscoileanna, chuig ionaid ealaíon, féilte, leabharlanna agus eile le béim ar eispéireas cruthaitheach an duine óig agus ar rannpháirtíocht an duine óig, cibé acu mar lucht féachana nó mar rannpháirtí sa phróiseas cruthaitheach. **Maoiniú don tionscadal beartaithe amháin a bheadh i gceist** do chomhlachtaí atá ag fáil maoiniú cheana féin ó leithéid an Chomhairle Ealaíon nó eile.
- **Tréimhsí cónaitheacha,** mar shampla ealaíontóir/cleachtóir a bheith lonnaithe i bpobal, ag forbairt cleachtas/saothar leis /don óige.
- **Imeachtaí** neamhfhoirmeálta **spraíúla sna taibhealaíona** a chothú le béim ar sheachadadh na dtaibhealaíon mar chleachtas, rannpháirtithe nó mar lucht féachana.

Ciste: €30,000.

Leibhéal maoinithe atá ar fáil:

Uasmhéid tacaíochta aon uaire **€10,000** atá ar fáil in aghaidh tionscadail/imeachta/forbartha/choimisiúin, d'iarratasóirí ar an scéim. D'fhéadfaí maoiniú idir €3,000 agus €10,000 a bhronnadh ar thionscadal. Beidh méid an deontais a bhronnfar ag brath ar an gclár/bplean oibre atá molta san iarratas, ar thaithí an ghrúpa, mar a fhreagraíonn an clár do thosaíochtaí agus do chritéir na scéime. Beidh an méid a bhronnfar ag brath freisin ar an mbuiséad atá ar fáil don scéim. **N.B. Tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh le hOifigigh Réigiúnacha na dTaibhealaíon sula ndéanfar iarratas ar an scéim seo. Seol ríomhphost chuig taibhealaiona@antoireachtas.ie**

Critéir le haghaidh maoinithe:

1. **Clár agus Plean Cuimsitheach** ag léiriú cumas an ghrúpa/choiste/na heagraíochta. A léiríonn go soiléir, aidhmeanna agus spriocanna an tionscadail bheartaithe, sa gcomhthéacs forbartha na dtaibhealaíon i measc na hóige . Cuirtear béim chomh maith ar thionchar an tionscadail/imeachta/choimisiúin ar fhorbairt na dtaibhealaíon teangabhunaithe go náisiúnta i measc na hóige.
2. **Comhionannas deiseanna rannpháirtíochta** agus cur chuige ina bhfuil **guth na hóige** le cloisteáil agus á fhorbairt go láidir.
3. **Teagascóirí/áisitheoirí oilte** atá ag fáil **táillí cuí.**
4. **Cumas comhordaithe agus riaracháin** – Go bhfuil sé de chumas ag an ionad/ eagraíocht/grúpa/coiste agus ag an bhfoireann, imeachtaí agus seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar. Cuirfear na nithe seo san áireamh:
    - Saineolas agus taithí na foirne sa réimse (cleachtas um Chosaint Leanaí go háirithe, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána san áireamh).
5. **Cumas Comhoibrithe** le grúpaí/eagraíochtaí/ionaid/coistí eile.
6. **Úsáid na Gaeilge:** Tabharfar tacaíocht do chláir a bheidh curtha ar fáil trí mheán na Gaeilge. Glacfar leis go mbeidh na teagascóirí/áisitheoirí ag soláthar an *tseirbhís* trí Ghaeilge muna bhfuil Gaeilge ag oibrithe an ionaid/eagrais.
7. **Córas measúnaithe agus monatóireachta** trína ndéantar foghlaim agus aiseolas a roinnt ar mhaithe le leanúnachas agus forbairt deiseanna sna taibhealaíona don Óige.

Coinníollacha má éiríonn le d'iarratas:

Moltar d'iarratasóirí a chinntiú go mbeidh siad in ann na coinníollacha thíos a chomhlíonadh sa chás go n-éireoidh leis an iarratas.

1. Is é an t-iarratasóir a bhfuil an deontas ceadaithe dó amháin a bheidh in ann éileamh a dhéanamh ar an gcúnamh airgeadais. Mar sin, **cinntigh go bhfuil ainm an iarratasóra mar an gcéanna leis an ainm atá ar an gcuntas bainc** agus ar na sonraí glanta cánach srl.
2. Tá sé riachtanach do gach eagraíocht a mbíonn baint aici le leanaí agus le daoine óga Beartas Um Chosaint Leanaí - lena bhfuil **Ráiteas um Chosaint Leanaí,** Measúnú Riosca agus na nósanna imeachta cuí - á chur i bhfeidhm, a chloíonn leis na treoirlínte mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Chun cúnamh agus treoir reatha a fháil chun do bheartas agus do nósanna imeachta a fhorbairt, breathnaigh ar Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach: www.tusla.ie. Beidh ar iarratasóirí a

n-éiríonn lena n-iarratas fianaise a chur ar fáil go bhfuil siad ag cloí leis na treoirlínte agus cóip dá mBeartas um Chosaint Leanaí agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí a sheoladh ar aghaidh in éineacht leis an iarratas.

3. Má cheadaítear aon deontas, ní mór don iarratasóir comhoibriú le haon phróiseas measúnaithe agus monatóireachta a chuireann **An tOireachtas** i bhfeidhm.
4. **Aitheantas**: Beidh sé mar choinníoll go dtabharfar aitheantas poiblí don Oireachtas agus don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Tá lógónna ar fáil ar an suíomh gréasáin www.antoireachtas.ie agus ní mór iad a úsáid i bhfoilseacháin/ábhar poiblíochta.
5. Má cheadaítear cúnamh airgeadais don iarratas seo, beidh gá le foirm thuairisce **An tOireachtas** a chomhlíonadh agus a sheoladh ar ais chuig an Oifigeach Riaracháin mar aon le 6 ghrianghraf (ar a laghad) i bhfoirm dhigiteach, d'úsáid ilghnéitheach **An tOireachtas**. Ní mór a dheimhniú go bhfuil cead faighte i scríbhinn ó thuismitheoirí/chaomhnóirí má tá páistí le feiceáil sa ghrianghraf, agus ní mór a dheimhniú go bhfuil cead faighte ón ngrianghrafadóir sula roinnfear linn iad.
6. Chun éileamh a dhéanamh ar an sciar deireanach den deontas, **beidh gá le fianaise ar chaiteachas an tionscadail/imeachta,** ag deimhniú ioncam agus caiteachas iomlán an tionscadail. Beidh sé riachtanach sonraisc, admhálacha agus cóipeanna de chuntais bainc a sholáthar a léiríonn caiteachas ar an tionscadal.

Conas iarratas a dhéanamh:

Is gá an fhoirm iarratais thíos a líonadh ina hiomláine agus an t-ábhar tacaíochta cuí a chur ar fáil. Tá sé inmholta scanadh den leathanach sínithe agus an t-ábhar tacaíochta chur i bhfoirm PDF.
N.B. Tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh le foireann thaibhealaíon an Oireachtais sula ndéanfar iarratas ar an scéim seo. Seol r-phost chuig **taibhealaiona@antoireachtas.ie** nó chuig d'Oifigeach Taibhealaíon Réigiúnach (sonraí le fáil **anseo)**.

Cúrsaí cánach & tréimhse an deontais

Beidh ar iarratasóirí a n-éiríonn lena n-iarratas fianaise a chur ar fáil go bhfuil a gcuid cúrsaí cánach in ord. **Caithfear aon mhaoiniú a cheadófar a éileamh taobh istigh de thréimhse 12 mí.** Mura n-éileofar an maoiniú taobh istigh den tréimhse seo, cuirfear ar ceal é.

Má tá aon cheisteanna agat, dean teagmháil linn ag taibhealaiona@antoireachtas.ie